

AN tAONAD SONRAÍ OIBRIÚCHÁIN

Is é an “tAonad Sonraí Oibriúcháin” (OPD) an tAonad a thugann le chéile obair na Gníomhaireachta ar Shonraí, a thacaíonn le feidhmiú rathúil an Limistéir Eorpaigh Aonair Iarnróid. Go háirithe tá an fhoireann i gceannas ar an obair maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm TSInna TAF/TAP, Cláir na Gníomhaireachta agus an obair chun na huirlisí a aistriú chuig cur chuige sonraí-lárnach, trína bhforbraítear agus trína bhfoilsítear stór focal rialaithe chun tacú le cur chun feidhme FAIR (Infhaighte, Inrochtana, Idir-inoibritheach agus Ath-inúsáidte) i gcás sonraí iarnróid. Chun tacú leis sin, tá an tAonad ina chathaoirleach freisin ar an gCoiste Stiúrtha um Rialachas Sonraí & TF, trína gcinntítear cur chuige comhleanúnach i leith bainistíocht sonraí agus sainchomhairle a sholáthar don Fhoireann Bainistíochta.

Faoi láthair tá an bunachar sonraí bonneagair iarnróid forbartha ag an bhfoireann mar ghráf eolais, tá stór focal rialaithe forbartha agus foilsithe aici chun tacú leis seo agus tá sí ag obair ar fhorbairt de réir a chéile ar na córais eile.

Cuimsíonn an tAonad OPD na grúpaí seo a leanas:

- › Cláir;
- › Idir-inoibritheacht Sonraí agus Rialachas Faisnéise;
- › Claochlú digiteach.